Litir Samplach chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí

A Thuismitheoir/Chaomhnóir,

Maidir le: Foirm Cheada Idirlín

Mar chuid de chlár oideachais na scoile tairgimid rochtain faoi mhaoirsiú do dhaltaí ar an Idirlíon. Tabharfaidh sé seo rochtain ar go leor acmhainní oideachais ar-líne do dhaltaí agus creidimid go gcuirfidh sé seo go mór le taithí fhoghlama na ndaltaí.

Mar sin féin, caithfidh an t-úsáideoir agus an scoil a bheith freagrach i rochtain agus in úsáid an Idirlín. Cuirtear síos ar na freagrachtaí seo i mBeartas Úsáide Inghlactha na scoile (faoi iamh). Tá sé tábhachtach go léitear an cháipéis seo go cúramach, go síneoidh tuismitheoir nó caomhnóir í agus go seoltar ar ais chuig an scoil í.

Cé go ndéanann an scoil na bearta cearta chun úsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn, tá a fhios aici gur féidir le daltaí rochtain trí thimpiste nó d'aon turas a fháil ar ábhar míchuí nó ábhar conspóideach.

Tá meas ag an scoil ar cheart an teaghlaigh a chinneadh cead a thabhairt dá leanaí rochtain a fháil ar an Idirlíon mar a shonraítear i mBeartas Úsáide Inghlactha na scoile nó gan cead a thabhairt.

I ndiaidh na téarmaí i mBeartas Úsáide Inghlactha na scoile a léamh, b'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh smaoineamh ar úsáid an idirlín sa bhaile, agus féachaint chuige má tá aon bhealach gur féidir leat é a dhéanamh níos sábháilte do do theaghlach féin.

Le deá-mhéin